SUITEÁIL/
LÁMHLEABHAR AN TÉ AR LEIS É

GLÉAS AERCHÓIRITHE

GAEILGE

Léigh an lámhleabhar seo go cúramach roimh dhuit do ghléas a chur ag obair agus coimeád é le húsáid amach anseo.

Modúl Sábhála Sonraí (Multi-V)
PVDATN000

www.lg.com

Cóipcheart © 2015 - 2020 LG Electronics Inc Gach ceart ar cosaint.

TREORACHA SÁBHÁILTEACHTA TÁBHACHTACHA

LÉIGH GACH TREOIR SULA DHÉANTAR AN GLÉAS A SHUITEÁIL.

Cloí i gcónaí leis na treoracha seo a leanas chun dálaí contúirteacha a sheachaint agus chun go mbeadh do tháirge ag feidhmiú ag a bhuaic

⚠ RABHADH

D'fhéadfadh gortú tromchúiseach nó bás bheith mar thoradh neamhaird a dhéanamh de na treoracha ná

⚠ FAINIC

D'fhéadfadh gortú beag nó díobháil don táirge bheith mar thoradh neamhaird a dhéanamh de na treoracha

⚠ RABHADH

- Má shuiteálann nó má dheisíonn daoine gan cháilíocht an táirge, d'fhéadfadh sé bheith baoladh duitse agus do dhaoine eile.
- Ní mór do dhaoine cháilithe agus údaraithe an obair shuiteála a dhéanamh de réir an Chóid Aibhléise Náisiúnta.
- Tá an t eolas sa lámhleabhar seo ceaptha le haghaidh teicneoir seirbhíse cáilithe a bhfuil taithí acu le nósanna imeachta sábháilteachta agus a bhfuil na huirlisí chuí agus fearais tástála acu.
- Mura léitear go cúramach gach treoir sa lámhleabhar agus mura leantar iad, d'fhéadfadh sé bheith mar shiocair le mífheidhmiú an trealamh, díobháil do mhaoin, gortú pearsanta agus/nó bás.

⚠ RABHADH

Suiteáil

- Nuair atáthar ag suiteáil táirgí, déan cinnte iarraidh ar an lárionad seirbhíse nó an siopa suiteála é a shuiteáil. Beidh sé mar shiocair le tine nó le turraing leictreach nó le pléascadh nó le gortú.
- Nuair atá táirge a bhí suiteáilte cheana féin á athshuiteáil agat, iarr ar an lárionad seirbhíse nó an siopa suiteála é a shuiteáil. Beidh sé mar shiocair le tine nó le turraing leictreach nó le pléascadh nó le gortú.
- Ná díchóimeáil, ná deisigh agus ná athraigh táirgí go fánach.
  Beidh sé mar shiocair le tine nó turraing leictreach.
- Déan cinnte an chumhacht don aonad amuigh faoin aer a mhúchadh sula shuiteáltar é.
  Turraing leictreach a bhéas mar thoradh ar sin.

I bhfeidhm

- Ná cuir ábhair inadhainte in aice leis an táirge. Beidh sé mar shiocair le tine.
- Ná lig d'uisce dul isteach sa táirge. Beidh sé mar shiocair le turraing leictreach nó cliseadh.
- Ná buail go trom an táirge. Clisfidh an táirge má bhuailfear é.
- Iarr ar an lárionad seirbhíse nó an siopa suiteála é a dheisiú é nuair a bhíonn sé fliuch. Beidh sé mar shiocair le tine nó turraing leictreach.
- Ná buail é le réada géara agus le bioranna. Beidh sé mar shiocair le cliseadh mar déanfar díobháil do na páirteanna.
- Ná tadhaill an clár nuair atá an chumhacht ceangailte leis. Tig leis mar shiocair le tine, le turraing leictreach, le gortú agus le fadhbanna leis an táirge.

⚠ FAINIC

I bhfeidhm

- Ná glan le glantach láidir amhail tuaslagach é. Glan le ceirteacha boga é. Lasfaidh sé tine nó cuirfidh sé an táirge ó chuma.
- Ná tadhaill an scáileán go trom agus ná brúigh dhá chnaipe ag aon am amháin. D'fhéadfadh sé bheith mar shiocair le cliseadh nó le mífheidhmiú.
- Ná tadhaill nó ná tarraing an phríomhshreang má tá do lámha fliuch. Beidh sé mar shiocair le cliseadh nó le turraing leictreach.

* Is daoine cáilithe amháin ar chóir é a shuiteáil agus feidhm a bhaint as

Rabhadh
Is táirge de chuid aicme A seo. I dtimpeallacht tí, d'fhéadfadh an táirge seo bheith mar shiocair le trasnú raidió. Má tharlaíonn sin, b'fhéidir go mbeidh ar an úsáideoir bearta cuí a dhéanamh ina choinne.



IRISH	Conas do sheanghléas a dhiúscairt

1. Nuair atá an comhartha seo le bosca bruscair le líne tríd ceangailte le táirge is éard is brí leis ná go bhfuil an táirge cumhdaithe ag Treoir Eorpach 2002/96/CE.
2. Ba chóir gach táirge leictreach agus leictreonach a dhiúscairt scartha ón ngnáthshruth dramhaíola cathrach i saoráidí bailiúcháin sainnithe ceaptha ag an rialtas nó ag na húdaráis áitiúla.
3. Má dhiúscaítear do sheanghléas i gceart, is mór an chabhair í chun drochiarmhairtí don timpeallacht agus do shláinte an duine a sheachaint.
4. Chun tuilleadh eolais maidir le do sheanghléas a dhiúscairt, déan teagmháil le d'údarás áitiúil, do chuideachta dhiúscartha dhramhaíola nó leis an siopa inar cheannaigh tú an táirge.

CEANGAIL RÍOMHAIRE I GCOMHAIR SOCRÚ AN DÁTA & AMA

• Conas ceangail
- Ceangail an Modúl Sábhála Sonraí agus an bPríombhPCB Multi-V Amuigh faoin aer le chéile leis an gCábla Sábhála Sonraí
- Ceangail an Ríomhaire agus an módúl PI232 leis an gcábla RS232.
- Ceangail port an Uasghrádaithe sa mhodúl Sábhála Sonraí le modúl PI232 leis an gcábla scríbhneoireachta ríomhchláir.
- Cuir an príomhPCB ar siúl.

• Bain feidhm as an Teirminéal chun an dáta agus an t am a shocrú agus féach ar an lámhleabhar iomlán.



USB go Tiontaire Srathach

FÓGRA

Mura bhfuil port COM ar an ríomhaire, bain feidhm as an tiontaire USB-go-RS232.

Beidh fadhbanna ann mura shocraíonn tú an dáta agus an t am

Modh Suiteála



① Ceangail an cás tosaigh agus cás ar chúl le chéile.



② Daingnigh an cás tosaigh ag na poill leis na scriúnna daingnithe



③ Ceangail an cás sa Bhosca Rialúcháin Multi-V, daingnigh an cás sna poill leis na scriúnna daingnithe.



④ Ceangail an sreang cheangail leis an bPríombhPCB amuigh faoin aer.

FAINIC

- Suiteáil an táirge ar dhromchla réidh agus scriúáil 4 áit. Mura ndéantar amhlaidh, b'fhéidir nach mbeidh an Modúl Sábháil Sonraí greamaithe i gceart
- Ná teanntaigh ródhaingean iad. D'fhéadfaidh an cás a chur ó chuma.
- Ná cuir an cás ó chuma go fánach. D'fhéadfadh sé bheith mar shiocair le mífheidhmiú an Mhodúil Sábhála Sonraí.
- Moltar an cás tosaigh a chóimeáil agus an táirge a dheisiú i suíomh sainithe.

AINM GACH PÁIRT



1 Nascóir dífhabhtaithe : Chun ríomhchlár bútála a scríobh agus a dhífhabhtú.
2 An lasc Tosaigh : Lasc Ar siúl/As chun sonraí a chur i dtaisce.
3 An lasc Dip : An lasc chun leagan Multi-V a roghnú.
4 Nascóir cumarsáide : Chun an Dáta agus an tAm a shocrú.
5 An príomhnascóir PCB : Chun an PríomhPCB agus a Modúl Sábhála Sonraí a cheangail le chéile.
6 LEDanna Stádais : Taispeánann sé an stádas reatha agus earráidí.
7 Log an Chadhnra : Ag coimeád an dáta agus an ama.
8 An Lasc Athshocraithe: Chun an Modúl Sábhála Sonraí a atosú.
9 Sliotán Cárta SD : Áit chun cárta SD a chur isteach.

• Cárta cuimhne SD
- Bain feidhm as SD 2GB ~ 32GB nó SDHC
- Ba chóir an formáid FAT32 a chur chun tosú sula gcuirtear i bhfeidhm é.
- Formáid an chomhaid aschuir : S(ainm an leagain)(bliain)(mí)(lá).csv
m.sh.) Multi-V IV, 2013(bliain) 7(mí) 15(lá) → S4130715.CSV

• Cadhnra – Bain feidhm as CR2032

FÓGRA

- Bain amach an cárta SD i ndiaidh an lasc tosaithe a mhúchadh.
- Nuair a chailleann an Modúl Sábhála Sonraí cumhacht, is gá an cadhnra a bheith i log an chadhnra ionas go gcoimeádfar an Dáta agus an tAm.
- Nuair a bhfuil an cárta cuimhne SD líonta suas,baineadh cuid de na sonraí atá stóráilte ann. D'fhéadfadh sé a bheith difriúl ar cárta cuimhne SD eile, le eatramh taifead difriúil.

Stádas LED

• LED Uaine
: Taispeáin an stádas reatha
- Nuair a bhíonn sé ag taifead : Ag caochaíl in eatraimh xx soicind : Eatramh taifeadta x 4
- Nuair a chuirtear cárta cuimhne SD isteach ar dtús nó déantar toilleadh na cuimhne a áireamh gach cúpla nóiméad : AR SIÚL ar feadh roinnt nóiméid(soicind) → AS

• LED Buí
: Taispeáin nuair a chuirtear tús le taifead sonraí
- An lasc tosaithe Ar Siúl : AR SIÚL i gcónaí
- An lasc tosaithe As : AS i gcónaí

• LED Dearg
: Taispeáin gnáthdháil nó earráid.
- An ghnáthdháil : Ag caochaíl in eatraimh 1 soicind.
- Earráid : LED AS ar feadh 2 soicind → Ag caochaíl an na hearráide thíos.
7 n uaire : Tá glas ar an gcárta cuimhne
8 n uaire: Níl cárta cuimhne ann

Oibriúchán



PríomhPCB Amuigh Faoin Aer

Modúl Sábhála Sonraí

FÓGRA

- Is é dáil réamhshocraithe an las dip ná as.

Céim 1. Cas as an lasc tosaithe sa Mhodúl Sábhála Sonraí.

Céim 2. Braitheann an áit ina bhfuil an lasc dip ar an leagan.
SW1 (AR SIUL) & SW2 (AS) & SW3 (AS) : Leagan Multi V 5
SW1 (AS) & SW2 (AR SIUL) & SW3 (AR SIUL) : Leagan Multi V IV
SW1 (AS) & SW2 (AR SIUL) & SW3 (AS) : Leagan Multi V III

Céim 3. Ceangail an Modúl Sábhála Sonraí leis an bPríomhPCB Amuigh Faoin Aer leis an gcábla sábhála sonraí.

Céim 4. Dearbháil an LED.
: LED Uaine (As), LED Buí (As), LED Dearg
(Ag caochaíl 8 n uaire – níl an cárta cuimhne SD curtha isteach ann)

Céim 5. Dearbháil conas mar atá an LED tar éis duit an cárta cuimhne SD a chur isteach.
: LED Uaine (roinnt nóiméid Ar Siúl → As : Áirigh toilleadh an chárta chuimhne SD)
LED Buí (As), LED Dearg (mar is gnáth – Ag caochaíl ar feadh eatraimh 1 soicind)

Céim 6. Dearbháil an ghnáthdháil. Ina dhiaidh sin, cas an lasc tosaigh Ar Siúl
: LED Uaine (Ag caochaíl in eatraimh xx soicind : Eatramh taifeadta x 4)
: LED Buí (AR SIÚL i gcónaí)
: LED Dearg (mar is gnáth – Ag caochaíl in eatraimh 1 soicind)

Tiontaire Sonraí

• Tiontaire Sonraí

Is ríomhchlár bunaithe ar Windows PC é tiontaire sonraí SD a thiontaíonn comhad ionchódaithe chuig comhad atá inléite go héasca don úsáideoir.

• Nuair atá an Tiontaire Sonraí á rith, comhad taispeánann sé mar atá thíos.

- Roghnaigh comhad atá le tiontú (tugtar tacaíocht d'iliomad roghnúchán)
- Roghnú Cineál Leagan
- Brúigh ar “Tosaigh”





Representative: LG Electronics Inc. EU Representative, Krijgsman 1, 1186 DM Amstelveen, The Netherlands
Manufacturer: LG Electronics Inc. Changwon 2nd factory, 84, Wanam-ro, Seongsan-gu, Changwon-si, Gyeongsangnam-do, KOREA